LEARN

# FÓRAM AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

## Conas sínithe a bhailiú



**LEARN** - DISCUSS - CONNECT - SEEK ADVICE

An bhfuil tú réidh chun tús a chur le céim bhailithe sínithe do Thionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh? Is é an *nóta treorach* seo an fhoireann uirlisí riachtanach chun ráitis tacaíochta a bhailiú ar líne agus as líne araon. Clúdaíonn sé gach rud ó d’fheachtas a chur ar bun go comhlíonadh rialacháin an Aontais a chinntiú.

**An fáth a bhfuil an nóta treorach seo ábhartha duit**

Tá an treoir seo ríthábhachtach d’eagraithe a bhfuil sé d’aidhm acu an milliún síniú is gá a bhailiú le haghaidh Tionscnamh Eorpach rathúil ó na Saoránaigh. Faigh amach conas an leas is fearr a bhaint as an lárchóras bailithe ar líne, ar ardán saor slán é, agus faigh amach faoi straitéisí éifeachtacha chun sínithe a bhailiú ar pháipéar. Agus an treoir seo agat, éireoidh leat raon do thionchair a uasmhéadú agus cinnteoidh tú go gcomhlíonann do thionscnamh na ceanglais dhlíthiúla uile.

Luigh isteach air chun tús a chur le d’fheachtas agus chun do ghuth a chur in iúl ar fud na hEorpa!